13 Eanáir 2022
Meánleibhéal

Novak Djokovic agus an vacsaín

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin imreoir leadóige agus an chonspóid mar gheall ar a víosa. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, pléigh tú féin agus an duine in aice leat an méid atá ar eolas agaibh faoin scéal seo.

Ceist 2 Sula bhféachfaidh sibh ar an mír, an féidir libh brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. Aire Inimirce _____
2. i mbun machnaimh _____
3. achomharc _____
4. casadh eile i scéal Djokovic _____
5. éisteacht chúirte _____
6. díolúine leighis _____
7. an breitheamh _____
8. rangaithe _____
9. Teach na Cúirte _____
10. Craobhchomórtas Oscailte na hAstráile _____

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin libh na focail a thuiscint.

Ceist 3 Féachaigí ar an mír den dara huair agus tugaigí faoi na tascanna seo:

1. Scríobh achoimre ghearr ar ábhar na míre. Léigh amach an méid a scríobh tú don duine in aice leat.

2. Craoladh an mhír seo Dé Luain. An bhfuil aon chasadh eile tagtha ar an scéal ó shin? Déan liosta de na cora sin anois leis an duine in aice leat.

Ceist 4 An saorbhriathar

Breac síos na samplaí den saorbhriathar a chloiseann tú sa mhír. Cén aimsir lena mbaineann siad?

Ceist 5 *'… Seirbiach …'*

Tabhair faoi na ceisteanna seo thíos leis an duine in aice leat.

1. Déan cur síos ar bhratach na Seirbia.

2. Líon isteach an léarscáil thíos leis na tíortha cuí ón mbosca.

- An Chosaiv
- An tSlóivéin
- An Mhacadóin
- An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin
- An Chróit
- Montainéagró
- An tSeirbia

3. Cén t-ainm a bhí ar an gceantar (tír) seo le linn aimsir Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialach?

4. Tá tír amháin as na tíortha thuas nach nglactar go forleathan léi mar thír neamhspleách. Cad í an tír sin?

Ceist 6 Pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

Ar cheart nó nár cheart víosa a thabhairt do Novak Djokovic? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

1. Aire Inimirce	*Minister for Immigration*
2. i mbun machnaimh	*pondering, thinking*
3. achomharc	*appeal*
4. casadh eile i scéal Djokovic	*another twist in Djokovic's story*
5. éisteacht chúirte	*a court hearing*
6. díolúine leighis	*a medical exemption*
7. an breitheamh	*the judge*
8. rangaithe	*ranked*
9. Teach na Cúirte	*the Court House*
10. Craobhchomórtas Oscailte na hAstráile	*Australian Open*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Samplaí den saorbhriathar:

- ceadaíodh – an aimsir chaite
- cuireadh – an aimsir chaite
- socraíodh – an aimsir chaite
- go scaoilfí – an modh coinníollach
- go dtabharfaí – an modh coinníollach

Ceist 5

1. Tá trí bhanda chothrománacha le feiceáil uirthi – dearg ag an mbarr, gorm sa lár agus bán ag an mbun. I lár ar chlé tá dhá iolar ann agus coróin os a gcionn.
2. Féach:



3. An Iúgslaiv.
4. An Chosaiv.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin an cheist a phlé leis an rang iomlán.

Áine Lally

Cúrsaí leadóige ar dtús agus tá Aire Inimirce na hAstráile i mbun machnaimh faoi láthair faoinar cheart víosa Novak Djokovic a chur ar ceal arís, víosa a ceadaíodh dó roimhe seo. D'éirigh leis an réalta leadóige in achomharc cúirte a rinne sé in aghaidh chinneadh na n-údarás cead isteach san Astráil a dhiúltú dó.

Bhí casadh eile i scéal Novak Djokovic inniu. Fiú sular thosaigh éisteacht chúirte na réalta leadóige in Melbourne, bhí na sluaite bailithe taobh amuigh den óstán ina raibh Djokovic coinnithe i gcoraintín le roinnt laethanta anuas. Bhí an Seirbiach den tuairim go raibh na páipéir chuí aige agus díolúine leighis faighte aige ó Rialtas na hAstráile, is é sin, go mbeadh vacsaín ag teastáil le dul isteach sa tír.

Inniu, rialaigh an breitheamh, Anthony Kelly, go raibh cinneadh Rialtas na hAstráile, víosa Djokovic a tharraing siar, míréasúnach[1]. Is é Novak Djokovic atá rangaithe ar an imreoir leadóige is fearr ar domhan agus cuireadh na húdaráis san Astráil ar an eolas roimhe seo go raibh COVID-19 air faoi dhó agus nach raibh an vacsaín faighte aige.

Tar éis chinneadh na cúirte ar an achomharc in Melbourne inniu, socraíodh go scaoilfí saor an t-imreoir leadóige agus go dtabharfaí a phas ar ais dó. Bhí sé ina cheiliúradh i measc lucht tacaíochta Djokovic taobh amuigh de Theach na Cúirte.

Bhí na radharcanna seo le feiceáil ar shráideanna Melbourne amach sa tráthnóna. Idir an dá linn, bhí Djokovic ar ais i mbun cleachta inniu agus deir sé go bhfuil sé ag súil le Craobhchomórtas Oscailte na hAstráile an tseachtain seo chugainn.

[1] *míréasúnta / neamhréasúnach* na leaganacha caighdeánacha